2026/2353

20.10.2026

MOLADH (AE) 2026/2353 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Deireadh Fómhair 2026

maidir le faireachán a dhéanamh ar láithreacht alcalóideach cuineoilisidín i lúipíní agus beatha a dhíorthaítear ó lúipíní

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In 2019 ghlac Painéal an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra measúnú riosca maidir leis na rioscaí do shláinte ainmhithe agus do shláinte an duine a bhaineann le láithreacht alcalóideach cuineoilisidín i mbeatha agus i mbia, go háirithe i lúipíní agus táirgí a dhíorthaítear ó lúipíní ([1]).

(2) Tá an measúnú riosca seo teoranta do na halcalóidigh chuineoilisidín atá ag teacht chun cinn i speicis/cineálacha *Lupinus* is ábhartha maidir lena gcaitheamh ag ainmhithe agus ag an duine san Aontas (i.e. *Lupinus albus* L., *Lupinus angustifolius* L., *Lupinus luteus* L. agus *Lupinus mutabilis* Sweet). A mhéid a bhaineann leis an riosca maidir le héifeachtaí díobhálacha ar shláinte ainmhithe i salmainidí, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil meán-nochtadh cothúcháin salmainidí os cionn na leibhéal nár braitheadh aon éifeacht dhíobhálach acu (NOAEL) de 1 mg/kg de mheáchan coirp in aghaidh an lae, ach go bhfuil sé faoi bhun an leibhéil is ísle ar braitheadh éifeacht dhíobhálach aige (LOAEL) de 2,5 mg/kg de mheáchan coirp in aghaidh an lae. Measann an tÚdarás go bhfuil an riosca maidir le héifeachtaí díobhálacha ar shalmainidí íseal. I gcás na speiceas eile, bhí an bunachar sonraí a bhí ar fáil maidir le héifeachtaí díobhálacha rótheoranta chun NOAELanna/LOAELanna foriomlána a shainaithint. Ina ionad sin, mar chur chuige malartach, shainaithin an tÚdarás dáileoga d'alcalóidigh chuineoilisidín atá i síolta lúipíní ar féidir glacadh leo i ndáil le feidhmíocht zóiteicniúil. I gcás eallach agus coiníní, tá an meán-nochtadh cothúcháin i bhfad faoi bhun na dáileoige a nglactar léi. I gcás muc agus sicíní, tá an meán-nochtadh cothúcháin sa raon céanna leis an dáileog is féidir glacadh léi.

(3) Mhol an tÚdarás gur cheart tuilleadh sonraí maidir le teacht chun cinn a bhailiú i ndáil le láithreacht alcalóideach cuineoilisidín i lúipíní agus táirgí a dhíorthaítear ó lúipíní.

(4) Ba cheart tuilleadh faisnéise a bhailiú faoi na tosca a mbíonn leibhéil sách ard alcalóideach cuineoilisidín i lúipíní agus ábhair bheatha a dhíorthaítear ó lúipíní mar thoradh orthu, chun bheith in ann na bearta a shainaithint a mholfar a dhéanamh chun láithreacht alcalóideach cuineoilisidín sna beathaí sin a sheachaint nó a laghdú.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí a mholadh go ndéanfaí faireachán ar alcalóidigh chuineoilisidín i lúipíní agus ábhair bheatha a dhíorthaítear ó lúipíní, na tosca a shainaithint a mbíonn a leibhéil arda mar thoradh orthu, agus tuilleadh faisnéise faoi éifeachtaí na próiseála ar leibhéal na n-alcalóideach cuineoilisidín a bhailiú.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

(1) Moltar do na Ballstáit, le rannpháirtíocht ghníomhach ó oibreoirí gnólachtaí beatha, faireachán a dhéanamh sna blianta 2026, 2027, 2028 agus 2029 ar alcalóidigh chuineoilisidín i lúipíní, in ábhair bheatha a dhíorthaítear ó lúipíní agus i mbeatha chumaisc ina bhfuil lúipíní agus táirgí a dhíorthaítear ó lúipíní. Moltar do na Ballstáit anailís a dhéanamh ar a laghad ar na halcalóidigh chuineoilisidín ailbín, anagairín, angaisteafóilín, lupainín, isealupainín, ilfhlóirín, 13α-hiodrocsalupainín, luipinín, spairtéin.

(2) Is é Crómatagrafaíocht Leachta/Mais-Speictriméadracht Sraithe an modh anailíse a mholtar. I gcás ina gcuirtear modhanna anailíse eile i bhfeidhm, ba cheart fianaise a bheith ar fáil a léiríonn go ngineann siad torthaí iontaofa le haghaidh alcalóidigh chuineoilisidín aonair. Thart ar 1 mg/kg i gcás síolta lúipíní agus ábhair bheatha a dhíorthaítear ó lúipíní, agus 0,2 mg/kg i gcás beatha chumaisc, is é sin an teorainn chainníochtaithe (TC) ba cheart a bheith ann maidir le gach alcalóideach cuineoilisidín a chinneadh.

([1]) Painéal EFSA maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra, 2019. Tuairim Eolaíoch maidir leis na rioscaí do shláinte ainmhithe agus do shláinte an duine a bhaineann le láithreacht alcalóideach cuineoilisidín i mbeatha agus i mbia, go háirithe i lúipíní agus táirgí a dhíorthaítear ó lúipíní. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5860.

(3) Moltar do na Ballstáit, le rannpháirtíocht ghníomhach ó oibreoirí gnólachtaí beatha, imscrúduithe a dhéanamh chun na tosca a shainaithint a mbíonn leibhéil arda alcalóideach cuineoilisidín i lúipíní agus ábhair bheatha a dhíorthaítear ó lúipíní mar thoradh orthu agus tuilleadh faisnéise a bhailiú faoi éifeachtaí na próiseála ar leibhéal na n-alcalóideach cuineoilisidín.

(4) Moltar do na Ballstáit agus d'oibreoirí gnólachtaí beatha na sonraí a sholáthar don Údarás lena dtiomsú i mbunachar sonraí amháin i gcomhréir le ceanglais na Treoraíochta ón Údarás maidir leis an Tuairisc Chaighdeánach ar Shamplaí (TCS) le haghaidh Bia agus Beatha agus le ceanglais tuairiscithe shonracha bhreise an Údaráis ([2]). I gcás síolta lúipíní agus beatha a dhíorthaítear ó lúipíní, tá sé tábhachtach a thuairisciú an lúipíní milse nó searbha iad, na próisis a rinneadh ar na síolta lúipíní (amhail iad a mhaothú, iad a fhiuchadh) agus aon phróiseas a rinneadh ar an mbeatha a dhíorthaítear ó lúipíní chun cion na n-alcalóideach cuineoilisidín a laghdú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

([2]) https://www.efsa.europa.eu/ga/call/call-continuous-collection-chemical-contaminants-occurrence-data-0.